Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2023
(OR. en)

5700/23

LIMITE

CORLX 100
CFSP/PESC 141
COEST 68
FIN 84

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/266[1].

(2) An 6 Deireadh Fómhair 2022, mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia na hÚcráine a rinne Cónaidhm na Rúise, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1908[2]. Leasaíodh teideal Chinneadh (CBES) 2022/266 leis an gcinneadh sin agus leathnaíodh raon feidhme geografach na srianta le go gcumhdófaí na limistéir go léir de chuid na hÚcráine nach bhfuil faoi rialú an rialtais sna réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk, agus Zaporizhzhia.

(3) Tá an tAontas fós daingean ina thiomantas do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus tá sé tiomanta a bheartas neamhaitheantais a chur chun feidhme ina iomláine i ndáil leis an ionghabháil neamhdhleathach a rinne an Rúis. Ní aithníonn an tAontas ionghabháil neamhdhleathach Chónaidhm na Rúise ar chríocha na hÚcráine agus tá an ionghabháil sin á cháineadh aige i gcónaí mar shárú ar an dlí idirnáisiúnta. Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2022/266, agus i bhfianaise ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha leanúnacha Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 24 Feabhra 2024.

---

1 Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise (IO L 421, 23.2.2022, lch. 109).

2 Cinneadh (CBES) 2022/1908 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/266 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin (IO L 259I, 6.10.2022, lch. 118).



PUBLIC

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/266 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2022/266, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 24 Feabhra 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC